



Is Fostóir Comhdheiseanna é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte ceapacháin don ról mar:

Oifigeach Cléireachais san Aonad Acmhainní Daonna

i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: 3:00i.n., an 29 Bealtaine 2023

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Teagmháil: Aonad Acmhainní Daonna

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

4 SRÁID CHILL DARA,

BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Teileafón: (353) 1 6030200 - URL: www.nli.ie/vacancies

CÚLRA

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh NLI in 1877 agus ar an 3 Bealtaine 2005 rinneadh institiúid neamhspleách cultúir di faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Is é atá ar an mBord ná cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, a thuiriscíonn don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá timpeall 110 ball foirne fostaithe sa Leabharlann a bhíonn ag obair i dtreo cúig thosaíocht a bhaint amach faoin straitéis reatha atá againn, is iad sin an bailiú, an chosaint, an nochtadh, an rannpháirteachas agus an nuáil.

Baintear leas as bailiúcháin uathúla NLI le scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan mór. Tá breis agus deich milliún mír faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, ábhair ghearrshaolacha, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá láithreacha na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, ar oscailt agus saor in aisce dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh – i seomraí léitheoireachta ar díol spéise iontu féin iad do chuartheoirí, trí thaispeántais luachmhara éagsúla, agus trí chlár poiblí gníomhach. Tá eolas breise ar fáil ag www.nli.ie.

AN RÓL

Oibríonn an tAonad AD chun luachanna NLI maidir le fáilte, muinín, comhoibriú agus cur chuige forásach a bhaint amach, agus tá sé suite faoi cholún straitéiseach Nuálaíochta NLI. Tá oscailteacht agus fás mar bhonn agus mar thaca ag sármhaitheas agus gairmiúlacht ár bhfoirne.

Agus é nó í ag tuairisciú i dtosach do Cheannasaí Acmhainní Daonna, comhlíonfaidh an tOifigeach Cléireachais san Aonad AD dualgais chléireachais a eascróidh as gach cuid de sheachadadh na Seirbhíse AD in NLI.

Painéal

Féadtar painéal a chruthú ón gcomórtas seo óna líonfar folúntais bhreise, idir lánaimseartha agus bhuna, má thagann siad aníos.

DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ

- Ábhair a ullmhú d'agallaimh earcaíochta;
- A chinntiú go mbíonn comhaid iomaíochta earcaíochta cothrom le dáta;
- A chinntiú go mbíonn comhaid taifid oiliúna cothrom le dáta;
- Comhaid AD reatha agus stairiúla a choinneáil de réir phrótacail an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR);
- Riarachán laethúil ar chóras ama agus tinrimh NLÉ;
- Comhfhreagras ginearálta a bhaineann le cúrsaí AD;
- Aon dualgais eile a bhaineann leis an ngrád agus a d'fhéadfadh a bheith sannaithe ag foireann bainistíochta NLÉ.

NA CÁILÍOCHTAÍ, SCILEANNA AGUS AN TAITHÍ ATÁ AG TEASTÁIL

Bunriachtanais:

- Cáilíocht ar Leibhéal 5 den NFQ nó a coibhéis;
- Cumas cruthaithe obair a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach de réir treoirlínte dochta cáilíochta;
- Scileanna maithe eagrúcháin agus an cumas obair a dhéanamh de réir spriocdhátaí;
- Caomhnaíonn discríd agus rúndacht i gcónaí.
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta;
- Scileanna nó cumas maith praiticiúil sa TF, lena n-áirítear taithí ar MS Word agus Excel.

Riachtanais Inmhianaithe:

- Taithí ar obair sna hAcmhainní Daonna;
- Eolas agus taithí ar chomhthéacs Earnála Poiblí.

Déantar cur síos in Aguisín 1 ar na hInniúlachtaí agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhaineann le ról an Oifigigh Cléaireachais san Aonad AD in NLI.

INCHÁILITHEACTH CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACTH

Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- a) Bheith ina saoránach nó ina shaoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) Saoránaigh na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- c) Duine nach saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é nó í ach ar céile nó leanbh saoránaigh an LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- d) A bheith ina dhuine nó ina duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta air nó uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát de thoradh athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- e) A bheith ina dhuine nó ina duine nach saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é nó í ach ar tuismitheoir nó leanbh cleithiúnach saoránaigh de chuid bhallstát LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Nóta maidir le saoránaigh an RA: Tá an Comhaontú Comhlimistéar Taistil fadbhunaithe idir an Ríocht Aontaithe agus Éire gan athrú tar éis an Bhreathimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh na Ríochta Aontaithe incháilithe chun obair agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bharr sin, iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht don chomórtas seo i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir cáilitheacha eile go léir. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gComhlimistéar Taistil ar fáil [anseo](#).

Le bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a shásamh roimh dháta tairisceana na hoibre.

An Scéim Dreasaictaí Luathscoir (ISER)

Is coinníoll den Scéim Dreasaictaí Luathscoir, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin ní ceadmhach do dhaoine den sórt sin cur isteach ar an bpost seo.

Imlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí

Le hImlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach an Scéim Luathscoir Spriocdhírithé agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Is coinníoll é den Scéim

Shonraithe um Luathscor Deonach nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe chun athfhostaíochta san earnáil phoiblí sláinte, ná san earnáil phoiblí i gcoitinne, ná in aon chomhlacht atá maoinithe i bpáirt nó ina iomláine ag an Státchiste. Beidh feidhm ag an toirmeasc céanna orthu siúd a bhaineann leas as an Scéim Iomarcaíochta Deonaí, ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach ar feadh 7 mbliana agus go gcaithfear cead a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin le filladh ar aon fhostaíocht. Daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin, ní bheidh siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Le litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia le fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é, maidir le daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Mar sin teastóidh toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (.i. go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus cead a fháil ón Aire sula bhféadfadh aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad a fhostú.

Dearbhú

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhu ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Éileofar ar iarratasóirí chomh maith aon teidlíocht chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhu agus/nó cá háit a bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

TUARASTAL: Is mar seo a leanas atá an scála pá a bhaineann leis an bpost seo (rátaí i bhfeidhm ón 01 Márta 2023):

Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)

Beidh feidhm ag an scála pá RPP sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin

agus a n-éilítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh sé i bhfeidhm freisin i gcás buanfhostaithe nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€519.96	€552.66	€560.96	€577.18	€601.09	€624.97	€648.84	€666.22	€685.91
€708.79	€724.90	€747.54	€770.05	€805.17	€832.78*	€845.43**		

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

***Is éard is LSI2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

Ranníocaíocht Neamhphearsanta Pinsin (RNPP)

Is é seo a leanas an tuarastal RNPP (Ranníocaíocht Neamhphearsanta Phinsin) a bhaineann leis an bpost, agus tá feidhm aige sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach n-éilítear air nó uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

€495.99	€527.09	€534.97	€557.97	€573.12	€595.81	€618.52	€641.20	€657.49
€679.54	€698.01	€713.03	€734.44	€767.79	€794.02*	€806.11**		

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an ceapaí isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfadh go n-athrófaí an ráta ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Má táthar sásta le feidhmíocht an fhostaí, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha. (Féach leat Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 alt 5.1 le haghaidh na n-athruithe is déanaí).

D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú atá ag fónamh faoi láthair.

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go coicísiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Déanfaidh tú comhaontú go bhféadfaidh sé go n-asbhainfear ó íocaíochtaí tuarastail dlite duit amach anseo, de réir an Achta um Íoc Pá, 1991, aon ró-íocaíochtaí tuarastail nó taistil agus cothaithe. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint do na himthosca uile.

Tionacht

Ceapfar an t-iarrthóir rathúil i bpost buan, faoi réir conradh promhaidh 12 mhí a chur i gcrích go rathúil.

Déanfar ceapachán chun post i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar chríochnú an chonartha promhaidh go rathúil. Ní choisceann sé seo síneadh ar an tréimhse phromhaidh sna cúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

- (i) ar fheidhmigh sé nó sí go sásúil
- (ii) an raibh a (h)iompar ginearálta sásúil
- (iii) an oireann sé nó sí ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreiteachta.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige nó aici le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a c(h)uid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá f(h)eidhmíocht nó a chuirfeadh a m(h)acántacht i mbaol.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an bhfostaíocht, nuair is iomchuí, ar an bpost seo.

Suíomh

Beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi ag feidhmiú i dtosach in áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, ach d'fhéadfadh sé/sí a bheith lonnaithe in aon cheann d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig (35 glanuair oibre) in aghaidh na seachtaine i gceist leo.

Saoire Bhliantúil

Beidh 22 lá oibre sa bhliain mar liúntas saoire bliantúla, ag ardú go 23 lá tar éis 5 bliana, 24 lá tar éis 10 mbliana, 25 lá tar éis 12 bhliain, agus 26 lá tar éis 14 bliana. Beidh an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoirí bliantúla, agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá gan na gnáthlaethanta saoire poiblí a áireamh.

Cúrsaí Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas aige nó aici seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

Saoire Bhreiteachta

I rith asláithreachta bhreiteachta íocfar an ceapaí ar bhonn pro rata de réir fhorálacha na n-implitreacha a bhaineann le saoire bhreiteachta sa tseirbhís phoiblí, ar chuntar go mbeidh an asláithreachta sin teistithe go cuí agus nach mbeidh aon fhianaise ar bhuan-mhíchumas ann.

Iarrfar ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A a lámh a chur le mandáit a thabharfadh údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochar dlí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Le hÍocaíochtaí a fháil le linn breiteachta, éileofar ar an oifigeach gach éileamh ar árachas sóisialta is gá a chur isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorannacha ama.

Aoisliúntas agus Scor

Cuirfear ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais a bheidh i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth a dtairgfear an ceapachán dó nó di. Ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) sa tseirbhís phoiblí le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán (féach alt d anseo thíos), ciallaíonn sé seo go dtairgfear an ceapachán ar bhonn ballraíochta i Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair").

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

a. Aois Inphinsin

Is é 66 bliain d'aois (le hardú go 67 agus 68) an aois íosta a thiocfaidh an pinsean chun a bheith iníoctha de réir athruithe ar aois an Phinsin Stáit.

b. Aois Scoir

Ní mór do bhaill den scéim dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

c. Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fosaithe sa Státseirbhís roimh ré agus go bhfuil sé nó sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís, beidh feidhm ag na gnáthrialacha laghdaithe. Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís cheana agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin daoine a ghlac páirt sa Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) nó faoi Chiorclán 7/2010 VER/VRS de chuid na Roinne Sláinte, nach bhfuil incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo mar atá leagtha amach thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe an duine ceaptha a mheas chun críche aon aoisliúntais a d'fhéadfadh a mbeadh an duine ceaptha incháilithe dó amach anseo. Má bhí an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe, tabhair faoi deara go ndéantar foráil san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 do lacáiste pinsin d'fhostaithe sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a dhéantar a athfhostú sa chás go bhfuil pinsean seirbhíse poiblí in íocaíocht. An fhoráil sin leis an laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, tháinig sí in éifeacht an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag an bhforáil sin ar phinsean duine a cheapfaí sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó atá i seilbh pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí a thiocfadh i ngníomh le linn dó nó di a bheith fostaithe sa phost seo.**

- **Imlitir 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, gan na cásanna a leagtar amach in Alt 10.2 agus 10.3 de dhoiciméid na himlitreach baintí a áireamh, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Snáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má thosaíonn sé i bhfostaíocht d'aon chineál agus in aon earnáil den tseirbhís poiblí arís dá éis sin, cuirfear stop láithreach le híocaíochtaí pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Drochshláinte**

Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine aonair ar scor ó chomhlacht sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí de dheasca drochshláinte, go bhféadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. Iar-Státseirbhísigh

Cé go mbaineann na gnáth-théarmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin ar dhaoine áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu i dtaobh cibé acu an bhfuil fostaí sa tseirbhís poiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta atá ann (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, i gcás iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inpinsin sa tseirbhís poiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach n-éireodh sé/sí de bheith ina b(h)all den Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás seo, thabharfaí deis dá leithéid d'iarrthóir ballraíocht a ghlacadh sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("An Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe"). Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha lacáiste faoi (c) thuas, agus go mbeadh iarmhairtí ann i leith fabhrú pinsin chomh maith, mar a leagtar amach anseo thíos:

e. Fabhrú Pinsin

Ní fhéadtar níos mó ná 40 bliain seirbhíse a chur san áireamh le haghaidh pinsin sa chás go raibh an té ina b(h)all de bhreis is aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 28 Iúil, 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis seo do dhuine ar bith a cheaptar agus a bhfuil cearta pinsin faighte aige/aici ó fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Beidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: <https://singlepensionscheme.gov.ie>.

Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeáin Iompair:

Sicréideacht agus Ionracas Oifigiúil

Le linn théarmaí an chonartha, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Toileoidh an té a cheapfar nach nochtfaidh sé nó sí do thríú páirtithe aon eolas rúnda le linn nó tar éis na tréimhse fostaíochta.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Dea-Cháil

Is gá go mbeadh dea-cháil ar iarrthóirí ar an bpost agus ar an té a cheapfar.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Bainfidh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 leis an bhfostaíocht seo nuair is iomchuí.

Fógra tábhachtach:

Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar iad sin amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Cén Chaoi Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae a sheoladh isteach, in éineacht litir spéise agus ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí san áireamh ann. Ba chóir iad seo a sheoladh tríd an ríomhphost chuig: careers@nli.ie

Tabhair do d'aire gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.

Déanfar gearrliostú ar iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina ngairm bheatha.

Coinníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarrthóir sula dtairgfear post dó nó di.

Is iad na hiarrthóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

Dáta deiridh

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh 3:00i.n., an 29 Bealtaine 2023. **Cloifear go docht daingean leis an dáta deiridh sin.**

Modhanna Roghnúcháin

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar na modhanna sin:

- gearrliostú iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina n-iarratais
- agallamh iomaíoch
- cur i láthair nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí

Gearrliostú

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus todhchaí don phost a líonadh. D'fhéadfadh go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilitheachta a bhaineann leis an bpost, ach in ainneoin sin, más amhlaidh atá líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine acu, d'fhéadfadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. I dtaca leis seo, déanann an Leabharlann Náisiúnta soláthar le haghaidh próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh, a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh sainbhorde na foirmeacha iarratais a iniúchadh, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an róil, agus is iadsan a chinnfidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar thú a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann é a dhéanamh; is éard a chiallaíonn sé ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a n-iarratais, go bhfuil cáilíochtaí níos oiriúnaí agus/nó taithí níos ábhartha acu. Is ar mhaithe leat féin é, mar sin, cur síos cruinn mionsonraithe a dhéanamh ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar

Iarrthóirí nach gcuireann fianaise is ábhartha dá n-iarrthóireacht ar fáil nuair a iarrann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann orthu déanamh amhlaidh, cuirfear a n-iarratas as an áireamh.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileálfar le hiarratais ar athbhreithniú de réir an doiciméid “*Cód Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*” atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapachán Seirbhíse Poiblí. Féadtar teacht ar an gCód ar www.cpsa.ie.

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (curtha faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh le haghaidh athbhreithniú:-

- próiseas neamhfhoirmeálta le go mbainfí leas as taobh istigh de 5 lá oibre d'fhógra an chinnidh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó taobh istigh de 2 lá oibre de chinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmeálta: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre d'fhógra an chinnidh tosaigh, nó i gcás céim eatramhach, ní mór go bhfaighfí an t-iarratas ar athbhreithniú taobh istigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
- Féadann an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfaidh eadránaí toradh an chinnidh athbhreithnithe tosaigh féin a athbhreithniú agus ba chóir iarratas chuige sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).
Déantar plé in Alt 8 den Chód ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí shárú an Chóid Cleachtais.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, beidh iarratais go huile is go hiomlán faoi rún. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988–2018.

Dualgais an Iarrthóra

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad agus go gcoinneofar amach as an bpróiseas iad má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Ní cóir d'iarrthóirí aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis bhréige a thabhairt ar láimh go feasach ná go meargánta;
- Stocaireacht a dhéanamh ar aon duine, cibé acu le mealltaí nó gan iad;
- cur isteach ar an bpróiseas nó teacht salach air ar aon bhealach.

Sainchritéir Iarrthóra

Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- An t-eolas agus an cumas cuí a bheith acu le dualgais an phoist ábhartha a chur i bhfeidhm;
- A bheith oiriúnach don phost ar bhonn a gcarachtar;
- A bheith oiriúnach ar gach bealach eile le go gceapfaí sa phost ábhartha iad; agus má éiríonn leo, ní cheapfar sa phost iad mura ndéanfaidh siad na rudaí seo a leanas:

- Toiliú le cur i bhfeidhm na ndualgas a bhaineann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcuirtear na dualgais i bhfeidhm nó faoina bhféadfadh go gcuirfí i bhfeidhm iad;

- A bheith inniúil agus ar fáil go hiomlán chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur i bhfeidhm, agus a bheith ábalta amhlaidh a dhéanamh.

AGUISÍN 1

Oifigeach Cléireachais san Aonad AD in NLI Príomhtháscairí Feidhmíochta

Obair bhuíne	Léiríonn meas do chomhghleacaithe agus do chomhoibrithe
	Forbraíonn agus cothaíonn dea-chaidreamh oibre le daoine eile, roinneann eolas agus fios, de réir mar is cuí
	Cuireann a c(h)uid smaointí agus barúlacha féin i láthair
	Tuigeann a (h)áit féin sa bhuíon agus déanann gach iarracht é sin a chomhlíonadh
Bainistiú / Próiseáil Eolais	Tugann faoin obair uile ar bhealach críochnúil agus eagraithe
	Leanann nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann an fiúntas agus an bunús atá leo
	Coinníonn taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu go réidh
	Baineann conclúidí cuí as eolas
	Molann bealaí nua le rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr agus níos éifeachtúla
	Bíonn sásta oibriú le cineálacha éagsúla faisnéise, e.g. faisnéis scríofa, faisnéis uimhriúil, cairteacha, agus déanann ríomhaireachtaí amhail uimhríocht, céatadáin, etc
Torthaí a Sholáthar	Glacann freagracht as obair agus cuireann dlús leis go dtí an chéad leibhéal eile cuí
	Críochnaíonn obair go tráthúil
	Téann i dtaithí go gasta ar bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh
	Seiceálann an obair uile go mion lena chinntiú go bhfuil sí ar ardchaighdeán, agus foghlaimíonn ó bhotúin
	An-eolach ar an ngramadach agus litriú ó thaobh scríbhneoireachta de, agus baineann tátail réasúnta as treoracha scríofa
	Aithníonn agus tuigeann an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla
	Léiríonn tionscnaíocht agus solúbthacht lena chinntiú go gcríochnaítear an obair
	Gníomhaíonn as a stuaim féin agus tá in ann breithiúnas a thabhairt ar cén uair is gá treoir a iarraidh ó chomhghleacaithe nó ó bhainisteoir
Seirbhís do Chustaiméirí & Scileanna Cumarsáide	Éisteann go gníomhach le daoine eile agus déanann iarracht a mbarúlacha / riachtanais / a bhfuil uathu a thuiscint
	Tuiscint ar na céimeanna nó próisis a gcaithfidh custaiméirí gabháil tríothu agus in ann iad sin a mhíniú go soiléir
	Léiríonn meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn smacht air/uirthi féin fiú ag déileáil le cúinsí

	dúshlánacha
	Bíonn diongbháilte nuair is gá agus déanann cumarsáid mhuiníneach údarásach
	Déanann cumarsáid go soiléir agus go líofa, ó bhéal agus i scríbhinn

Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt	Forbraíonn agus coinníonn na scileanna agus saineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, mar shampla teicneolaíochtaí ábhartha, córas TF, scarbhileoga, Microsoft Office, polasaithe ábhartha srl.
	Tuigeann go soiléir an ról, na cuspóirí agus na spriocanna agus an chaoi lena n-oibreann siad d’obair an aonaid
	Tiomanta don fhéinforbairt agus iarrann go leanúnach feidhmíocht phearsanta a fheabhsú

Dúthracht & Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí	Iarrann go leanúnach feidhmiú ar chaighdeán ard agus seirbhís den scoth a sholáthar
	Cuireann seirbhís ar fáil don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann
	Bíonn críochnúil agus coinsiasach, fiú le hobair ghnáthaimh
	Léiríonn díograis agus teacht aniar, agus bíonn buanseasmhach fiú ag plé le dúshláin agus constaicí
	Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi
	Feidhmíonn go hionraic i gcónaí